Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8881/21**

**COMPET 369**
**TOUR 36**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Bealtaine 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8475/21 |
| Ábhar: | Conclúidí dar teideal *Tourism in Europe for the next decade: sustainable, resilient, digital, global and social* [Turasóireacht san Eoraip don chéad deacáid eile: inbhuanaithe, athléimneach, digiteach, domhanda agus sóisialta]<br>- Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 27/5/2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Turasóireacht san Eoraip don chéad deacáid eile: inbhuanaithe, athléimneach, digiteach, domhanda agus sóisialta, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3797ú cruinniú a bhí aici an 27 Bealtaine 2021.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le TURASÓIREACHT SAN EORAIP SA CHÉAD DEACÁID EILE: INBHUANAITHE, ATHLÉIMNEACH, DIGITEACH, DOMHANDA AGUS SÓISIALTA

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

- Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 195 de,
- Ag féachaint go cuí do réimsí inniúlachta faoi seach na mBallstát agus an Aontais, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta,
- Ag meabhrú di a thábhachtaí atá prionsabal saorghluaiseachta daoine agus seirbhísí, arna bhunú sna Conarthaí,

Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI

- Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2010 ón gCoimisiún dar teideal *Europe, the world's No 1 tourist destination - a new political framework for tourism in Europe* [An Eoraip, príomhcheann scríbe turasóireachta an domhain - creat polaitiúil nua don turasóireacht san Eoraip] [1]agus conclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2010 ón gComhairle i ndáil leis an teachtaireacht sin[2];
- Na Conclúidí ón gComhairle maidir le hiomaíochas na hearnála turasóireachta mar thionscnóir an fháis inbhuanaithe, post agus an chomhtháthaithe shóisialta san Aontas sna deich mbliana atá romhainn, an 27 Bealtaine 2019[3];
- An teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip][4] agus teachtaireacht an 14 Eanáir 2020 dar teideal *Sustainable Europe Investment Plan - European Green Deal Investment Plan* [Plean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe – Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip][5];

---

[1] 11883/10
[2] 14944/10
[3] 9707/19
[4] 15051/19 agus 15051/19 ADD1
[5] 5269/20

- An teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip], ina dtugtar isteach cur chuige na n-éiceachóras tionsclaíoch, agus an t-éiceachóras turasóireachta ar cheann de na héiceachórais sin, agus nuashonrú ar an teachtaireacht sin an 5 Bealtaine 2021[6], chomh maith leis an teachtaireacht dar teideal *Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation* [Deis na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile] an 27 Bealtaine 2020, teachtaireacht an 19 Feabhra 2020 dar teideal *A European strategy for data* [Straitéis Eorpach maidir le sonraí] agus teachtaireacht an 1 Iúil 2020 dar teideal *European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience* [An Clár Oibre Eorpach Scileanna don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht];

- An teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Tourism and transport in 2020 and beyond* [Turasóireacht agus iompar in 2020 agus ina dhiaidh sin][7] agus pacáiste gaolmhar turasóireachta agus iompair an 13 Bealtaine 2020, an Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 maidir le turasóireacht agus iompar in 2020 agus ina dhiaidh sin[8] agus an Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Márta 2021 maidir le Straitéis de chuid AE maidir leis an Turasóireacht Inbhuanaithe a leagan síos agus an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta maidir le Turasóireacht agus Iompar in 2020 agus ina dhiaidh sin[9];

- Na Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, an 9 Meitheamh 2020[10];

- An teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 dar teideal *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach do na Deich mBliana Digiteacha][11];

- Conclúidí ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 maidir le conas Margadh Aonair an Aontais a dhoimhniú ar mhaithe le téarnamh láidir agus Eoraip iomaíoch, inbhuanaithe[12];

- Conclúidí ón gComhairle an 16 Samhain 2020 maidir le téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche[13];

[6] COM(2021) 350 final
[7] 8674/20
[8] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2020-0169_EN.html
[9] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0109_EN.pdf
[10] 8711/20
[11] 6974/1/21
[12] 10698/20
[13] 13004/20

- Clár oibre 2030 do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras arna dhaingniú mar chuid de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:

a) is gníomhaíocht trasearnála eacnamaíoch agus shóisialta í turasóireacht a bhfuil tionchar leathan aici ar an bhfás eacnamaíoch, ar fhostaíocht agus ar fhorbairt inbhuanaithe shóisialta agus chomhshaoil i réigiún, rud a rannchuidíonn le caomhnú agus cur chun cinn luachanna agus oidhreacht chultúrtha na hEorpa;

b) tá tuairim is 20.3 milliún duine fostaithe san éiceachóras turasóireachta san Aontas, agus in 2019, an bhliain dheireanach sula raibh tionchar ollmhór ag paindéim COVID-19 ar an ngeilleagar, sheas an t-éiceachóras sin do 9.5 % de OTI an Aontais, agus 7 % d'onnmhairiú foriomlána an Aontais san áireamh leis sin. Tá laghdú suas le 80 % den ghlanluach tagtha ar ioncam paindéime fo-earnálacha áirithe agus cuireadh isteach ar thuairim is 11 mhilliún post san éiceachóras turasóireachta san Aontas cheana féin in 2020[14];

c) mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá na riachtanais infheistíochta is airde ag an éiceachóras turasóireachta i measc na 14 éiceachóras thionsclaíocha arna sainiú ag an gCoimisiún Eorpach agus tá an táscaire muiníne is ísle ag gabháil leis;

d) tá na slabhraí luacha san éiceachóras turasóireachta casta. Go bunúsach, is gníomhaíocht chothrománach í turasóireacht atá ag brath ar roinnt earnálacha agus a imríonn tionchar orthu agus braitheann rath an tionscal turasóireachta ar na sineirgí agus ar an idirghníomhaíocht fhónta atá eatarthu. D'fhéadfadh caillteanais mhóra a bheith i gceist do gach geallsealbhóir má chuirtear isteach ar na slabhraí luacha;

---

[14] *Commission Staff Working Document, Identifying Europe's recovery needs*, [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Riachtanais téarnaimh na hEorpa a aithint],SWD(2020) 98: https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/economy-finance/assessment_of_economic_and_investment_needs.pdf

e) tá deis ag an Aontas, tar éis phaindéim COVID-19, dea-chleachtais a mhalartú agus comhar agus comhordú a atreisiú faoi chuimsiú Chlár Oibre Eorpach do Thurasóireacht;

f) ó thaobh turasóireacht agus taisteal de, tá gá le faisnéis thrédhearcach agus critéir shoiléire maidir le coinníollacha agus soghluaisteacht trasteorann chomh maith le huirlisí iomchuí digiteacha agus idir-inoibritheacha chun an tsoghluaisteacht a éascú ionas go mbeidh taistealaithe in ann roghanna eolasacha a dhéanamh, rud a ligfidh don tionscal bearta comhlíontacha a oiriúnú agus a chur chun feidhme, go háirithe le linn géarchéimeanna sláinte;

g) ba cheart do gheallsealbhóirí agus do na gníomhaithe ábhartha uile san éiceachóras turasóireachta ar gach leibhéal a bheith tiomanta do bhearta agus gníomhaíochtaí a ghéarú agus a chur chun feidhme, ar bearta agus gníomhaíochtaí iad lena ndéantar an t-éiceachóras níos inbhuanaithe agus lena laghdaítear a thionchar comhshaoil;

h) tar éis phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé go mbeadh cur chuige difriúil ag tomhaltóirí, agus ag na glúine atá le teacht, maidir le taisteal agus le turasóireacht agus d'fhéadfadh taobh an tsoláthair gníomhú mar spreagadh le go ndéanfaí na hathruithe sin a bhfuil súil leo ó thaobh tomhaltais de agus iompar níos inbhuanaithe a chur chun cinn go gníomhach ar thaobh an éilimh;

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá comhar rialta agus malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit maidir le beartais turasóireachta inbhuanaithe fhreagracha. Beidh sin an-ábhartha ó thaobh athléimneacht a chothú agus solúbthacht a áirithiú i gcomhthéacs bainistiú géarchéime san am atá le teacht.

2. CUIREANN SÍ rannchuidiú dearfach thurasóireacht inbhuanaithe fhreagrach I bhFIOS GO LÁIDIR, lena n-urramaítear acmhainní agus luachanna nádúrtha, sóisialta agus cultúrtha, agus dea-bhail na gcomhphobal áitiúil, go háirithe iad siúd i limistéir lagfhorbartha, iad siúd a bhfuil athruithe struchtúracha á ndéanamh orthu agus limistéir iargúlta amhail na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

3. TATHANTAÍONN SÍ ar an Aontas agus a Bhallstáit dul i dtreo freagairt chomhchoiteann dhea-chomhordaithe ar an bpaindéim atá ann faoi láthair agus ar ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo (paindéim nó eile), le cur chuige comhchoiteann comhtháite, comhar agus comhordú níos grinne, lena n-áirítear tacú le caighdeáin dheonacha a fhorbairt le haghaidh na bprótacal sláinte agus sábháilteachta a bhíonn ag na seirbhísí agus na mbunaíochtaí turasóireachta.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá Margadh Aonair Aontais dea-fheidhmiúil, láidir agus athléimneach chun turasóireachta a fhorbairt agus a chur chun cinn.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar phoitéinseal na FBManna agus na micreafhiontar turasóireachta a spreagann an cóineasú eacnamaíoch lena rannchuidítear le forbairt chothromúil réigiúnach agus le cruthú post.

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá oideachas agus forbairt scileanna ar ardcháilíocht, agus béim á leagan ar dhaoine óga agus ar chomhionannas inscne, gan neamart a dhéanamh sna próisis agus sna hacmhainní foghlama ar feadh an tsaoil; molann sí malartuithe mac agus iníon léinn agus malartuithe gairmiúla chomh maith le hoiliúint, inniúlachtaí agus scileanna digiteacha a shealbhú i ndáil leis na gairmithe turasóireachta ar gach leibhéal, i gcás inar cheart an obair leanúnach maidir le Comhshocrú do Scileanna sa turasóireacht a shaothrú a thuilleadh trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha.

7. SAINAITHNÍONN SÍ turasóireacht mar cheann de na héiceachórais thionsclaíocha inar gá breis bearta chun rannchuidiú leis an gcáilíocht saoil agus le táirgí agus seirbhísí turasóireachta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur chun cinn, agus an aird chuí á tabhairt ar thrí ghné na hinbhuanaitheachta: an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus gné an chomhshaoil. Áirítear orthu sin an t-aistriú i dtreo aeráidneodracht trí éifeachtúlacht acmhainní, bainistiú dramhaíola agus uisce a fheabhsú chun an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, tríd an oidhreacht chultúrtha a urramú, trí dheiseanna nua fostaíochta, trí thógáil inbhuanaithe agus nuachóiriú an bhonneagair turasóireachta agus phoiblí, iompair, an chlaochlaithe dhigitigh, na teileachumarsáide, chomh maith le táirgí agus seirbhísí nuálacha airgeadais.

8. AITHNÍONN SÍ gur cuid den éiceachóras turasóireachta atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí é turasóireacht chathrach, taisteal gnó, earnáil na n-imeachtaí agus tionscal na gCruinnithe, na nDreasachtaí, na gComhdhálacha agus na dTaispeántas; caithfidh na hearnálacha sin agus na hearnálacha eile ar fad a bheith mar chuid de Chlár Oibre meántéarmach agus fadtéarmach an Aontais do Thurasóireacht san am atá le teacht.

9. MOLANN SÍ do na Ballstáit beartais agus straitéisí inbhuanaithe, freagracha agus athléimneacha a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise fhónta agus ar fhaireachán ar an tionchar ar an leibhéal domhanda, náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:

a) dul i dtreo turasóireacht agus iompair ghnó a bheidh inbhuanaithe agus freagrach;

b) feabhas a chur ar nascacht agus ar thaisteal inbhuanaithe ilmhódach, agus limistéir thrasteorann, thuaithe, oileánacha, imeallacha agus bhánaithe á gcur san áireamh, chomh maith leis na réigiúin is forimeallaí;

c) turasóireacht inbhuanaithe chósta agus mhuirí a chur chun cinn mar chuid den éiceachóras turasóireacht agus den gheilleagar gorm, agus beidh a ndea-fheidhmiú ag brath ar shláinte an chomhshaoil mhuirí agus ar chomhar láidir idir údaráis agus geallsealbhóirí na hearnála muirí;

d) teicneolaíochtaí nua, digiteáil, TFC agus comhroinnt sonraí a chur chun cinn chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na ngnólachtaí turasóireachta agus ar luach na gceann scríbe turasóireachta, chun tuiscint a fháil ar riachtanais na dtomhaltóirí turasóireachta, idir riachtanais nua agus riachtanais atá ag teacht chun cinn agus chun oiriúint dá n-úsáidí agus dá gcleachtais, eispéireas na dturasóirí ó thús go deireadh a shaibhriú, feabhas a chur ar phleanáil na forbartha turasóireachta agus ar bhainistiú cliste na sreabh turasóireachta, chomh maith le taisteal gan uaim, cumarsáid níos éasca agus forbairt turasóireachta chomhtháite a chur ar fáil;

e) idirphlé uile-Eorpach agus malartú dea-chleachtais i measc na mBallstát a mholadh chun cuir chuige nuálacha a fhorbairt, lena n-áirítear sa turasóireacht chliste, ar mhaithe le bainistiú cothromaithe na sreabh turasóireachta go cinn scríbe Eorpacha.

10. MOLANN SÍ do na Ballstáit a bhfís, a smaointe agus a dtionscadail ionchasacha maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an t-éiceachóras turasóireachta rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ag teacht le prionsabail Chomhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030, agus i gcomhréir le prionsabail an aistrithe chóir, trí ionstraimí nuálacha a chur chun feidhme chun athchóiriú a dhéanamh ar shamhlacha gnó turasóireachta agus ar bhainistiú ceann scríbe agus céimeanna breise a ghlacadh i dtreo dícharbónú, níos mó éifeachtúlachta acmhainní agus cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh sa turasóireacht.

11. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá an claochlú digiteach sa turasóireacht agus gur féidir le turasóireacht ról ábhartha a bheith aici i Margadh Aonair Digiteach an Aontais agus sna tionscnaimh maidir le spás coiteann sonraí Eorpach, amhail saincheisteanna a bhaineann leis an tIntleacht Shaorga agus le Mórshonraí, i gcomhréir le straitéis sonraí an Aontais, agus lena n-áirithítear go rannchuidítear, le líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach, leis na riachtanais digiteála a bhíonn ag FBManna a bhaineann le turasóireacht.

12. ÁIRITHÍONN SÍ go sainaithneoidh an tAontas na deiseanna cistiúcháin atá ann cheana faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus faoi Next Generation EU agus go mbainfidh sé úsáid chliste astu, chun tacú le téarnamh an éiceachórais turasóireachta sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus chun é a dhéanamh níos athléimní agus tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i bpáirt leis na geallsealbhóirí ábhartha, Clár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030/2050 a cheapadh, a mbeidh tosaíochtaí agus pleananna gníomhaíochta comhroinnte mar bhonn taca aige, ina sainaithneofar na difríochtaí idir na Ballstáit, bunaithe ar fhadcheann lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin straitéiseacha chun aistriú glas agus aistriú digiteach an éiceachórais turasóireachta a spreagadh agus chun iomaíochas, athléimneach agus inbhuanaitheacht an éiceachórais a neartú le go gcuirfear an chéad achoimre den Chlár Oibre i láthair faoi dheireadh 2021.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) turasóireacht a léiriú i mbeartais ábhartha an Aontais agus a áirithiú go spreagtar turasóireacht inbhuanaithe fhreagrach go comhleanúnach sna beartais sin, a mhéid a bhaineann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, le hacmhainní nádúrtha agus cultúrtha, agus le luachanna agus comhphobail áitiúla, ag rannchuidiú, ar an gcaoi sin, le cáilíocht saoil agus le breisluach réigiúnach;

ii) athbhreithniú cuimsitheach a sheoladh a luaithe is féidir, agus faoi mhí Mheán Fómhair 2021 ar a dhéanaí, ar na foinsí maoiniúcháin atá ann faoi láthair do thurasóireacht faoi CAI 2021-2027 agus faoi Next Generation EU chun go mbeidh rochtain ag na húdaráis phoiblí agus ag na geallsealbhóirí ar fhaisnéis;

iii) a chur chuige maidir leis an éiceachóras tionsclaíoch a chur i bhfeidhm i ndáil le turasóireacht agus cur chuige sonrach a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit faoin gcreat atá ann cheana lena dtacaítear leis an éiceachóras turasóireachta, go háirithe le FBManna, agus le cinn scríbe san aistriú glas agus san aistriú digiteach, a luaithe is féidir;

iv) chun go mbeidh an Eoraip i gcónaí mar an bpríomhcheann scríbe turasóireachta ar an domhan ó thaobh luach, cáilíocht, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht de, comhoibriú le Ballstáit, le cinn scríbe, le tionscal agus leis na geallsealbhóirí chun uirlisí nua a sheoladh lena spreagfar cinn scríbe san Eoraip cur chuige níos cliste, níos eolasaí agus níos inbhuanaithe a ghlacadh maidir le pleanáil agus bainistiú bunaithe ar threochtaí tomhaltóirí, ar fhaireachán dinimiciúil agus ar tháscairí;

v) oibriú leis na Ballstáit agus leis na heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta chun Deais Turasóireachta Aontais a cheapadh go comhpháirteach, mar uirlis shuaitheanta an Aontais don éiceachóras turasóireachta. Chun na críche sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú le saineolaithe na mBallstát chun an chéad achoimre a chur i láthair faoi dheireadh 2021.